Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Bealtaine 2022**
**(OR. fr)**

**9523/22**

**SOC 315**
**EMPL 210**
**ANTIDISCRIM 52**
**EDUC 194**
**SAN 319**
**ECOFIN 509**
**GENDER 70**
**JAI 759**
**COMPET 407**
**DIGIT 106**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Fostú daoine faoi mhíchumas<br>*Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, mar ullmhúchán do Chomhairle EPSCO an 16 Meitheamh 2022.

**Comhairle EPSCO, an 16 Meitheamh 2022, Lucsamburg**

**Díospóireacht bheartais: 'Rochtain daoine faoi mhíchumas ar mhargadh an tsaothair'**

**Nóta cumhdaigh**

*Meastar go bhfuil míchumas de chineál éigin ag an gcúigiú cuid de dhaonra an Aontais (beagnach 87 mhilliún duine faoi láthair). Is páirtithe iad an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát uile i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD). Conradh tábhachtach atá ansin, a tháinig i bhfeidhm don Aontas Eorpach i mí Eanáir 2011, agus d'eascair roinnt straitéisí éagsúla faoi seach as, lena n-áirítear an Straitéis Eorpach maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030, faoi stiúir Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta*[1].

*In ainneoin an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas, tá constaicí éagsúla fós roimh dhaoine faoi mhíchumas chun a gcearta agus a neamhspleáchas a bhaint amach. Tá an tAontas tiomanta do dhlús a chur lena chuid gníomhaíochtaí chun tacú leo, faoi chuimsiú na Straitéise nua Eorpaí maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030. Ag comhdháil aireachta maidir le míchumas, a d'eagraigh Uachtaránacht na Fraince ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 9 Márta 2022 i bPáras, bhí deis ann tuairimí a mhalartú maidir le feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar rochtain ar chearta, agus maidir le straitéis Eorpach 2021-2030 a chur chun feidhme.*

[1] Prionsabal 17: tá sé de theideal ag daoine faoi mhíchumas tacaíocht ioncaim a fháil lena ligtear dóibh maireachtáil le dínit, seirbhísí a bheith acu lena ligtear dóibh páirt a ghlacadh i margadh an tsaothair agus sa tsochaí, agus timpeallacht oibre atá curtha in oiriúint dá riachtanais.

Is tosaíocht i mbeartas míchumais an Aontais é **lánpháirtiú agus forbairt daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair.** Le Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 *lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha*, tugadh isteach coincheap na **cóiríochta réasúnta** lena gceanglaítear ar fhostóirí an t-ionad oibre a oiriúnú do dhaoine faoi mhíchumas. Ina theannta sin, cumhdaíonn Airteagal 27 de CRPD na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas i réimse na hoibre agus na fostaíochta, lena n-áirítear an deis chun slí bheatha a shaothrú trí obair a dhéanamh a roghnaítear go saorálach nó a nglactar leis i margadh saothair agus i dtimpeallacht oibre atá oscailte, cuimsitheach agus inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.

In 2022, cuirfidh an Coimisiún pacáiste beart i láthair chun ionchais daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair a fheabhsú. Is tionscnamh suaitheanta de chuid Straitéis Mhíchumais 2021-2030 é an '**Pacáiste Fostaíochta**' agus tugadh forléargas ar an tionscadal seo ag an gcomhdháil an 9 Márta 2022. Is é is aidhm dó feabhas a chur ar a n-ionchais ar mhargadh an tsaothair agus cumhdaítear leis sé cinn de réimsí beartais, lena n-áirítear trí chomhar le Líonra Eorpach na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta, leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas.

Leis na bearta sin, tabharfar treoir, agus tacófar leis an bhfoghlaim fhrithpháirteach maidir le hacmhainneacht na seirbhísí fostaíochta agus lánpháirtíochta a neartú, maidir le hionchais earcaíochta a chur chun cinn trí bhearta dearfacha agus trí steiréitíopaí a chomhrac, cóiríocht réasúnta a ráthú, an tsláinte agus an tsábháilteacht ag an obair a ráthú agus scéimeanna athshlánúcháin cheirde i gcás galair ainsealacha nó tionóiscí, bealaí fostaíochta ar ardchaighdeán i bpoist dhídeanacha a fhiosrú agus bealaí chuig an margadh saothair oscailte. Leis an bpacáiste beart sin, tabharfar tacaíocht do na Ballstáit chun na Treoirlínte Fostaíochta ábhartha a chur chun feidhme faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh.

Ar an leibhéal náisiúnta, tá oibleagáidí dlíthiúla agus dreasachtaí tugtha isteach ag roinnt Ballstát chun fostú daoine faoi mhíchumas a spreagadh. I measc na dtionscnamh atá dírithe ar fhostóirí tá tairseacha éigeantacha ann maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú, forbairt pleananna bliantúla éagsúlachta a bhfuil spriocanna intomhaiste agus measúnuithe tréimhsiúla ag gabháil leo, tacaíocht airgeadais do chóiríocht réasúnta, buntáistí cánach agus dreasachtaí airgeadais eile go háirithe do FBManna, agus coinníollachtaí le haghaidh rannpháirtíocht sa soláthar poiblí. Áirítear ar na tionscnaimh eile, poist shaincheaptha a chruthú, go háirithe i réimse an gheilleagair shóisialta agus dhlúthpháirtíochta, nósanna imeachta earcaíochta agus bearta tacaíochta atá saincheaptha do chuardaitheoirí poist atá faoi mhíchumas.

**Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta, tá fostú daoine faoi mhíchumas san Aontas fós i bhfad níos ísle ná mar is féidir a bheith.** In 2021, ní raibh post ach 50.8 % de na daoine sin i gcomparáid le 75 % de na daoine nach raibh faoi mhíchumas. Bhí 37.6 % de dhaoine faoi mhíchumas neamhghníomhach i gcomparáid le 17.6 % de na daoine nach raibh faoi mhíchumas. Bhí 28.4 % de dhaoine faoi mhíchumas i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta i gcomparáid le 17.8 % de na daoine nach raibh faoi mhíchumas, agus ní raibh cáilíocht dara leibhéal ach ag 29.4 % de dhaoine faoi mhíchumas i gcomparáid le 43.8 % de na daoine nach raibh faoi mhíchumas[2].

Trí mhargadh saothair níos cuimsithí a thógáil, rannchuideofar le spriocanna fostaíochta na hEorpa do 2030 a bhaint amach (sprioc do ráta fostaíochta 78 % in 2030 leagtha síos i bPlean Gníomhaíochta Cholún na gCeart Sóisialta). I gcomhthéacs ganntanas lucht saothair agus míchothromaíochtaí leanúnacha i réimse na fostaíochta, is luamhán tábhachtach fáis chuimsithigh inbhuanaithe agus comhionannais i gcónaí é cur le rannpháirtíocht na ngrúpaí atá faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair, amhail daoine faoi mhíchumas.

2 Foinse : *Eurostat*

Chun go mbeidh an beartas fostaíochta éifeachtach don phobal seo, is gá machnamh a dhéanamh ar choincheap an mhíchumais mar a léirítear é i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe agus ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir an dlí ginearálta agus bearta sonracha.

Tá fachtóirí éagsúla ina gcúis leis na **rátaí fostaíochta atá ann faoi láthair a bheith íseal**, lena n-áirítear neamhionannais sa rochtain ar oideachas agus ar oiliúint, claontacht a bheith ann go forleathan maidir le táirgiúlacht níos ísle, costas (iarbhír nó braite) na cóiríochta réasúnta, eolas neamhleor ar an gcóiríocht réasúnta is féidir a dhéanamh, feidhmeanna laga acmhainní daonna i bhfiontair, agus leibhéal níos ísle oiliúna do dhaoine faoi mhíchumas i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne, agus deacrachtaí maidir le daoine faoi mhíchumas a shainaithint a bhfuil na scileanna riachtanacha acu.

Is dúshlán do gach Ballstát fós é ráta fostaíochta daoine faoi mhíchumas a mhéadú agus an bhearna idir é agus an ráta do dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas a laghdú, dúshlán lena n-éilítear gníomhaíocht ar leibhéil éagsúla, lena n-áirítear: **inrochtaineacht** agus **cóiríocht réasúnta** a fhorbairt chun freastal ar riachtanais an duine aonair, **scileanna a bheith á bhfáil** ag daoine faoi mhíchumas, ar scileanna iad atá i gcomhréir le riachtanais an mhargaidh, lena n-áirítear scileanna a bhaineann leis an aistriú glas agus digiteach, **infheistíocht** i seirbhísí chun idirghabháil a dhéanamh ón luath-óige ar aghaidh, creataí foghlama cuimsitheacha agus inrochtana agus cláir foghlama ar feadh an tsaoil, agus nasc idir an t-oideachas agus dul isteach sa saol fostaíochta.

Sa chomhthéacs sin, tá sé beartaithe díriú ar dhá phointe le linn na malartuithe:

**1 – deireadh a chur le dídhreasachtaí maidir le daoine faoi mhíchumas a earcú agus a gcomhghleacaithe a spreagadh chun go nglacfaidh siad leo.**

Is mó an seans go mbainfear amach cuspóirí atá ag gabháil le hoibleagáidí dlíthiúla agus dreasachtaí d'fhostóirí má ghabhann fís dhearfach leo a léiríonn gur luachmhar don fheidhmíocht é rannchuidiú leis an éagsúlacht i gcoitinne, agus le míchumas go háirithe.

- Conas is féidir linn oibriú agus comhordú leis na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear fostóirí, na comhaltaí foirne, na comhpháirtithe sóisialta agus na seirbhísí fostaíochta agus lánpháirtíochta, chun fáil réidh leis na réamhsmaointe maidir le 'ró-chostas' na cóiríochta réasúnta, mar a thugtar air, chun níos mó feasachta ar an gcóiríocht sin a mhúscailt agus chun cabhrú le fiontair iad a chur i bhfeidhm?

- Conas is féidir linn oibriú le chéile chun spriocanna a chur i bhfeidhm chun an bhearna idir an ráta fostaíochta idir daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas a laghdú, mar a leagtar amach sa Straitéis Eorpach maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumais 2021-2030?

**2- Bearta éifeachtacha a dhéanamh chun lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair a chur chun cinn**

Leis na teicneolaíochtaí nua agus an digitiú, d'fhéadfadh, ach iad a bheith inrochtana, deiseanna nua a chur ar fáil chun tacú le daoine faoi mhíchumas fostaíocht a fháil ar feadh a saoil, trí na huirlisí digiteacha atá riachtanach dá neamhspleáchas a chur ar fáil, ach na bacainní ar a n-oiliúint agus ar a bhfostú a bhaint freisin.

- Cad iad na cláir thacaíochta atá i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta ina leith sin?
- Conas is féidir an t-aistriú ó cheardlanna dídeanacha agus oiliúint dhídeanach chuig margadh iomaíoch an tsaothair a éascú, go háirithe trí theicneolaíochtaí nua?
- Conas is féidir leis an Aontas tacú leis na Ballstáit sna réimsí sin?